**COMHAIRLE EORPACH** **An Bhruiséil, 9 Nollaig 2011**

**EUCO 139/11**

**CO EUR 24**
**CONCL 6**

**NÓTA CUMHDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Na Toscaireachtaí |
| Ábhar: | **AN CHOMHAIRLE EORPACH**<br>**An 9 NOLLAIG 2011**<br><br>**NA CONCLÚIDÍ** |

Gheobhaidh na Toscaireachtaí leis seo na Conclúidí ón gComhairle Eorpach (9 Nollaig 2011).

*Tá go leor bainte amach le 18 mí anuas chun feabhas a chur ar ár rialachas eacnamaíoch agus chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim eacnamaíoch airgeadais. Tá cinní tábhachtacha glactha againn, ar gá iad a chur i bhfeidhm go mear agus fuinniúil.*
*Chomhaontaigh muid gur cheart tosaíocht a thabhairt do na bearta is mó is féidir cabhrú le dlús a chur faoin bhfás agus faoin bhfostaíocht. Chomhaontaigh na Ballstáit atá páirteach sa Chomhshocrú Euro Plus gealltanais níos sonraí agus níos intomhaiste a thabhairt agus go háirithe go gcuirfidh siad an obair maidir leis an bh fostaíocht chun cinn.*
*Leag muid amach treoracha chun an beartas fuinnimh a fhorbairt tuilleadh, maidir leis an margadh inmheánach a thabhairt chun críche, feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh, an bonneagar a fhorbairt, comhsheasmhacht a áirithiú i gcaidreamh seachtrach an AE, agus feabhas a chur ar an tsábháilteachta agus an tslándáil núicléach.*
*Ina theannta sin, d'fhógair an Chomhairle Eorpach gur díol sásaimh di síniú an Chonartha Aontachais leis an gCróit agus ghlac sí cinntí maidir le próiseas an mhéadaithe i ndáil leis an tSeirbia agus le Montaineagró.*

°

° °

## I. <u>AN BEARTAS EACNAMAÍOCH</u>

1. Ag aithint di gur ag dul in olcas atá an staid eacnamaíoch agus airgeadais, phléigh an Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí atá á ndéanamh an Eoraip a thabhairt slán ón ngéarchéim. Ní mór rialachas nua eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, mar atá leagtha amach i mír 3, a chur chun feidhme go hiomlán d'fhonn muinín a chothú i seasmhacht gheilleagair na hEorpa. Caithfear leanúint de na hathchóirithe struchtúracha agus den chomhdhlúthú fioscach, chun bunsraith sheasta a leagann síos agus muinín a chothú, ar an mbealach sin, sa ghearrthéarma. Ní mór bearta freisin chun cabhrú le gnáth-iasachtaí a chur ar fáil arís sa gheilleagar, agus rioscaí iomarcacha agus díghiaráil iomarcach á seachaint ag an am céanna, mar a comhaontaíodh an 26 Deireadh Fómhair 2011.

2. Ag meabhrú di na príomhréimsí tosaíochta fáis a shainaithin sí i mí Dheireadh Fómhair 2011, go háirithe an Gníomh um an Margadh Aonair, an Ríomh-Mhargadh Aonair agus an laghdú a tháinig ar ualach foriomlán rialála na FBManna agus na micrifhiontar, leag an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé go nglacfar na bearta is mó a chabhróidh le dlús a chur faoin bhfás agus faoin bhfostaíocht. Tacaíonn sí, dá bhrí sin, le prionsabal an chláir mhearghnímh agus iarrann sí ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa scrúdú a dhéanamh gan mhoill ar na tograí a shainaithin an Coimisiún, lena n-áirítear ina Shuirbhé Bliantúil Fáis, mar thograí a d'fhéadfadh cur leis an bhfás. Tacaíonn sí leis na gníomhaíochtaí a mhol an Coimisiún ina thuarascáil maidir leis an ualach rialála a íoslaghdú do FBManna.

3. Leis an Suirbhé Bliantúil Fáis 2012, cuirfear bunús sármhaith ar fáil don chéad Seimeastar Eorpach eile, arb í an chéad Seimeastar í ina gcuirfear an rialachas eacnamaíoch treisithe chun feidhme, lena n-áirítear an nós imeachta nua chun faireachán agus ceartúchán a dhéánamh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Athbhreithneoidh Comhairle Eorpach an earraigh an dul chun cinn agus glacfaidh sí an treoir is gá. Tá géarghá le díriú isteach ar an gcur chun feidhme, go háirithe ó tharla nach ndearnadh dul chun cinn cothrom i mbliana ó thaobh na spriocanna a leagadh amach sa Straitéis Eoraip 2020, agus ó thaobh chur chun feidhme na moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith.

°

° °

4. D'athbhreithnigh Ceannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát atá páirteach sa Chomhshocrú Euro Plus an dul chun cinn a rinneadh maidir lena ngealltanais a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. D'aontaigh siad gur gá féachaint níos mine, i mí Mhárta 2012, ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh ar bhonn náisiúnta chun cuspóirí an Chomhshocraithe a bhaint amach. D'aontaigh siad freisin go dtabharfaidís gealltanais níos sonraí agus níos intomhaiste sna réimsí uile a chumhdaítear leis an gComhshocrú agus d'aontaigh siad go dtabharfaidh siad tuairisc ar an dul chun cinn ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú. Ní mór cur leis an rialachas nua eacnamaíoch, trí fhaireachán níos fearr a dhéanamh ar na beartais fostaíochta agus shóisialta, go háirithe ar na beartais sin atá tábhachtach ó thaobh na cobhsaíochta maicreacnamaíoch agus an fáis eacnamaíoch, i gcomhréir le Conclúidí na Comhairle an 1 Nollaig.

5. Ar bhonn thuarascáil Uachtarán na Comhairle (EPSCO) agus an tSuirbhé Bliantúil Fáis, phléigh na Ceannairí Stáit nó Rialtais a dtuairimí i leith na ndea-chleachtas dá mbeartais fostaíochta agus d'aontaigh siad gur gá leas iomlán a bhaint as an lucht@ saothair ar mhaithe leis an bhfás. Cé go gcaithfear na hathchóirithe struchtúracha a shaothrú go fuinniúil, tá géarghá le bearta spriocdhírithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon do na grúpaí is leochailí, go háirithe do dhaoine óga atá dífhostaithe. Chomh maith le beartais ghníomhachtúcháin níos fearr, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun scileanna a uasghrádú, go háirithe trí na córais oideachais agus oiliúna a chur in oiriúint do riachtanais mhargadh an tsaothair. D'fhéadfaí feabhas suntasach a chur ar ionchais daoine óga i margadh an tsaothair trí dheiseanna fostaíochta agus gnó a chur chun cinn dóibh siúd atá ag dul isteach sa mhargadh sin agus trí fhéachaint ar bheartais nua chothroma ó thaobh solúbthachta agus socrachta.

6. Bhí siad sásta na tuarascálacha a fháil ó Airí Airgeadais na mBallstát a bhí rannpháirteach agus ón gCoimisiún maidir leis an dul chun cinn a rinneadh sa phlé struchtúraithe ar shaincheisteanna comhordúchán na mbeartas cánach. Tabharfar faoin obair sin i gcomhréir leis an gComhshocrú Euro Plus, agus díreofar ar réimsí ina bhféadfaí bheith ní b'uaillmhianaí. Ní mór aird faoi leith a dhíriú ar an mbealach ina bhféadfaí cabhrú, tríd an mbeartas cánach, le comhordúchán na mbeartas eacnamaíoch, agus ina bhféadfaí cur leis an gcomhdhlúthú fioscach agus leis an bhfás. Tabharfaidh na hAirí Airgeadais agus an Coimisiún tuairisc ar an dul chun cinn i mí an Mheithimh 2012.

## II. <u>AN FUINNEAMH</u>

7. Léiríodh sa tuarascáil ón Uachtaránacht go ndearnadh dul chun cinn maith ó thaobh na dtreoracha a leagadh amach le linn na Comhairle Eorpaí i mí Feabhra 2011 i leith an margadh inmheánach a thabhairt chun críche faoi 2014, feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh, an bonneagar a fhorbairt agus comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a áirithiú i gcaidreamh eachtrach an AE. Sa chomhthéacs seo, is díol sásaimh é don Chomhairle Eorpach gur thángthas ar chomhaontú faoin Meamram Tuisceana maidir le hIdirnaisc Thuaidh-Theas san Eoraip Láir-Thoir. Ní mór, go háirithe, dul chun cinn láithreach a dhéanamh i leith na bpointí seo a leanas:

– go gcuirfi na Ballstáit reachtaíocht an mhargaidh inmheánaigh chun feidhme go hiomlán agus go gasta agus I gcomhréir leis na spriocamanna a comhaontaíodh;
- nach mbeadh aon Bhallstát de chuid an AE scartha amach ó na líonraí Eorpacha gáis agus leictreachais tar éis 2015 ná nach mbeadh slándáil a chuid fuinnimh i mbaol d'uireasa na nasc iomchuí;
– teacht ar chomhaontú go luath faoin togra maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lenar cheart creat uaillmhianach agus solúbtha a bhunú, a bheadh ag teacht leis an sprioc 20% atá ann do 2020, mar a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach i Meitheamh 2010;
– teacht ar chomhaontú go luath faoin togra maidir leis an mbonneagar fuinnimh;
– na Conclúidí ón gComhairle an 24 Samhain 2011 a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar chomhsheasmhacht agus ar chomhordúchán bheartas seachtrach an AE i leith an fhuinnimh, le háirithiú, i measc rudaí eile, go mbeidh comhaontuithe leis na príomhthíortha soláthair agus idirthurais ag teacht go hiomlán le reachtaíocht mhargadh inmheánach an AE.

- teacht ar chomhaontú maidir leis an straitéis ísealcharbóin 2050 agus staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar an treochlár fuinnimh 2050 a fhoilseofar go luath, lena gcuirfear anailís mhionsonraithe ar fáil maidir le gníomhú fadtéarmach san earnáil fuinnimh agus in earnálacha gaolmhara eile.

8. Rinneadh dul chun cinn maidir leis an athbhreithniú ar shábháilteacht stáisiúin núicléacha an AE. Leis an bhforbairt leanúnach ar an gcreat rialála núicléach, cuideofar tuilleadh le hinchreidtheacht chóras sábháilteachta núicléiche an AE. Rachfar i mbun oibre ar an tsländáil núicléach san AE ar bhonn na tuarascála eatramhaí ar an tslándáil núicléach.

9. Ag meabhrú di na Conclúidí ó mhí Mhárta 2011, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí an méid seo a leanas:

- go gcuirfí chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil na Treoracha maidir le slándáil núicléach, agus maidir le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú ar bhealach freagrach agus sábháilte;
- go dtabharfaí tús áite i gcónaí don athbhreithniú cuimsitheach ar shábháilteacht núicléach agus an teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Samhain á cur san áireamh, agus go gcuirfí an tuarascáil deiridh maidir leis na tástálacha struis ar fáil faoi mhí Mheithimh 2012;
- go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí a thabhairt ar thíortha comharsanachta uile an AE a bheith go hiomlán páirteach i bpróiseas na dtástálacha sábháilteachta struis agus feabhas a chur ar an gcreat sábháilteachta núicléiche san AE agus go hidirnáisiúnta;
- go leanfaí leis an obair maidir le bearta slándála núicléiche san AE agus ina chomharsanacht agus go gcuirfí an tuarascáil deiridh ar fáil faoi mhí Mheithimh 2012.

## III. MÉADÚ

10. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach leis na Conclúidí ón gComhairle an 5 Nollaig 2011 maidir le Méadú agus an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais agus meabhraíonn sí a Conclúidí ó Mhí na Nollag 2006 arb iad atá mar bhonn don chomhthoil athnuaite i ndáil leis an méadú.

11. Ócáid thábhachtach don chomhtháthú Eorpach é gur síníodh an Conradh Aontachais leis an gCróit inniu. Agus muid ag feitheamh anois go gcuirfear na nósanna imeachta daingniúcháin i gcrích go rathúil, tá an Chomhairle ag súil le fáilte a chur roimh an gCróit mar Bhallstát nua an 1 Iúil 2013. Beidh an Chróit rannpháirteach mar bhreathnóir gníomhach anois in imeachtaí na Comhairle Eorpaí, na Comhairle agus chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle an measúnú atá déanta ag an gCoimisiún ar dhul chun cinn **Mhontainéagró**, a bhfuil torthaí sásúla bainte amach aige. D'fhonn tús a chur le caibidlíocht aontachais le Montainéagró i Meitheamh 2012, cuireann an Chomhairle Eorpach de chúram ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh ar dhul chun cinn Mhontainéagró maidir le athchoiriú a chur chun feidhme, agus aird ar leith ar réimse an smachta reachta agus na gceart bunúsach, go háirithe an comhrac in aghaidh na caimiléireachta agus na coireachta eagraithe, ar bhonn tuarascála a chuirfidh an Coimisiún i láthair i gcéad leath 2012. Iarrann sí ar an gCoimisiún togra a thíolacadh gan mhoill do chreat don chaibidlíocht le Montainéagró i gcomhréir lena Conclúidí i Mí na Nollag 2006 agus leis an gcleachtas bunaithe, lena gcuirtear san áireamh freisin an cur chuige nua atá molta ag an gCoimisiún maidir leis na caibidilí i ndáil leis na breithiúna agus na bunchearta, agus ceartas, saoirse agus slándáil. Iarrtar ar an gCoimisiún, ina leith seo, próiséas an scrúdaithe anailísí a thionscnamh ar an *acquis communautaire* le Montainéagró maidir leis na caibidlí thuasluaite.

13. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an **tSeirbia** i leith na critéir pholaitiúla a leag Comhairle Eorpach Chóbanhávan síos agus i leith cheanglais an Phróisis Chobhsaíochta agus Chomhlachais a chomhlíonadh agus gur baineadh amach caighdeán iomlán sásúil ina cuid comhair leis an mBinse Coiriúil Idirnáisiúnta don iar-Iúgslaiv. Is díol sásaimh di go bhfuil an tSeirbia rannpháirteach in athuair san Idirphlé Bhéalgrád-Pristina agus go bhfuil sí ag dul chun cinn maidir le comhaontuithe a chur chun feidhme de mheon macánta, agus i ndáil leis an gComhaontú ar Bhainistiú Comhtháite na dTeorainneacha. D'fhonn stádas tír is Iarrthóir a bhronnadh ar an tSeirbia, cuireann an Chomhairle Eorpach de chúram ar an gComhairle a scrúdú agus a dheimhniú gur léirigh an tSeirbia tiomantas leanúnach inchreidte agus gur bhain sí tuilleadh dul chun cinn amach chun comhaontuithe ar thángthas orthu san Idirphlé, lena n-áirítear ar Bhainistiú Comhtháite na dTeorainneacha, a chur chun feidhme de mheon macánta, gur tháinig sí ar chomhaontú maidir le comhar cuimsitheach réigiúnach agus gur chomhoibrigh sí go gníomhach le go mbeadh EULEX agus KFOR in ann a sainorduithe a chur i bhfeidhm. I bhfianaise a scrúdaithe, déanfaidh an Chomhairle an cinneadh maidir le stádas is iarrthóir a thabhairt don tSeirbia i mí Feabhra 2012, lena dheimhniú ag an Comhairle Eorpach i mí Márta.

## IV. NITHE EILE

14. Ag meabhrú di na Conclúidí ón gComhairle an 5 Nollaig maidir leis an méadú, i ndáil le ráitis agus bagairtí ón Tuirc, cuireann an Chomhairle Eorpach fíor-imní in iúl agus iarrann sí ról Uachtaránacht na Comhairle a urramú go hiomlán, ar gné institiúideach bhunúsach é den AE dá bhforáiltear sa Chonradh.

15. Ag meabhrú dí an plé a rinne sí i Mí an Mheitheamh agus Mí Dheireadh Fómhair 2011, tugann an Chomhairle Eorpach dá haire gur comhlíonadh na coinníollacha dlíthiúla uile chun go nglacfaí cinneadh maidir le haontachas na Bulgáire agus na Rómáine leis an limistéar **Schengen**. Iarrann sí ar an gComhairle an cinneadh seo a ghlacadh a thúisce is féidir. Más gá, fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an tsaincheist seo ag a cruinniú i Márta 2012.

16. Ag meabhrú di a Conclúidí an 23 Deireadh Fómhair agus ag tacú leis na Conclúidí ón gComhairle an 1 Nollaig, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur ábhar mór imní di clár núicléach na hIaráine agus a bhfuil i gceist leis, mar atá léirithe sa tuarascáil is déanaí ón GIFA, agus gur ábhar imní freisin í teip **na hIaráine** a hoibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú a baineadh amach ag an gComhairle 180 eintiteas nua agus daoine aonair a ainmniú mar eintitis nó mar dhaoine a bhfuil baint dhíreach acu leis an gclár núicleách. Iarrann sí ar an gComhairle leanúint dá cuid oibre maidir le raon bhearta sriantacha an AE a mhéadú agus maidir leis na smachtbhannaí reatha a leathnú trí féachaint go láirthreach bonn an bhféádfaí bearta breise a ghlacadh i gcoinne na hIaráine, agus iad a ghlacadh tráth nach déanaí ná an chéad chruinniú eile a bheidh aici. Athdheimhníonn an Chomhairle Eorpach an tiomantas atá ag an Aontas Eorpach le fada an lá teacht ar réiteach taidhleoireachta maidir le saincheist núicléach na hIaráine i gcomhréir leis an gcur chuige dériain.

17. Cáineann an Chomhairle Eorpach ina hiomláine na hionsaithe a rinneadh ar chompúin taidhleoireachta Rialtas na Ríochta Aontaithe san Iaráin, agus is olc léi gur mhainnigh Rialtas na hIaráine a chuid freagrachtaí idirnáisúnta faoi Choinbhinsiún Vín a chomhlíonadh maidir le foireann agus réadmhaoin taidhleoireachta a chosaint.

18. Is ábhar mór imní fós don Chomhairle Eorpach go bhfuil an fórsa míleata á úsáid i gcónaí ag an réimeas **sa tSiria** agus cos ar bolg á dhéanamh ar mhuintir na Siria. Agus na Conclúidí ón gComhairle an 1 Nollaig 2011 á n-athdhearbhú aici, fograíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí le hiarrachtaí Léig na nArabach agus iarrann sí ar réimeas na Siria Plean Gníomhaíochta na nArabach a chomhlíonadh go hiomlán. Leagann sí béim arís ar a phráinní atá sé go ngabhfaidh comhaltaí uile Chomhairle Slándála na NA a gcuid freagrachtaí orthu féin i ndáil leis an staid sa tSiria.

19. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach torthaí Chomhdháil Idirnáisiúnta na **hAfganastáine** a tionóladh in Bonn an 5 Nollaig 2011, agus athdhearbhaíonn sí go mbeidh an tAontas Eorpach rannpháirteach i leith na hAfganastáine go 2014 agus níos faide anonn.

20. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dianullmhúchán a rinneadh an seimeastar seo maidir leis an g**Creat Airgeadais Ilbhliantúil** agus tugann sí dá haire an tuarascáil a thíolaic an Uachtaránacht. Iarrann sí ar an gcéad Uachtaránacht eile brú ar aghaidh leis an obair d'fhonn bunús a fhorbairt do chéim dheireanach na caibidlíochta, a phléifear le linn na Comhairle Eorpaí i mí an Mheithimh 2012. Dearbhaíonn sí an athuair go bhfuil sí ag iarraidh ar na hinstitiúidí oibriú i gcomhar lena chéile ionas go nglacfar an Creat Airgeadais Ilbhliantúil faoi dheireadh na bliana 2012.